

INSTITIÚID OIDEACHAIS MARINO

SCRÚDÚ ATRIALACH FAOI THEASTAIS GHAEILGE, FÓMHAR 2016

SCRÚDÚ LE hAGHAIDH CÁILÍOCHTA SA GHAEILGE

PÁIPÉAR II – 100 MARC (80 MARC ANSEO AGUS 20 MARC DO ‘TEANGA AGUS CULTÚR’)

Uair agus leathuair an chloig don pháipéar seo (10.00-11.30). Dhá cheist a fhreagairt, ceist amháin as gach Roinn.

ROINN A

PRÓS

Freagair Ceist 1 nó Ceist 2

1. “Seanfhoirm is ea an fabhalscéal ach, dar le Ó Doibhlin, éiríonn le La Fontaine í a athnuachan.”
Déan an ráiteas sin a phlé agus tagair don aiste, ‘La Fontaine,’ le Breandán Ó Doibhlin mar thacaíocht le do fhreagra.
(40 marc)

2. “Is í saoirse na mban an príomhthéama in ‘Iníon Rí na Cathrach Deirge,’ le hAngela Bourke.”
Déan an ráiteas sin a phlé agus tagair don scéal mar thacaíocht le do fhreagra.
(40 marc)

ROINN B

FILÍOCHT

Freagair Ceist 3 nó Ceist 4

3. “Comóradh ar laoch ó Éirí Amach 1916 is ea ‘Do M’Athair,’ le Caoimhín Ó Conghaile.”
Déan an ráiteas sin a phlé agus tagair don dán mar thacaíocht le do fhreagra.
(40 marc)

DO M'ATHAIR

Luan Cásca, 1916

Ní thig liomsa cloch ná umha
Ná marmar plúrgheal
D'ardú chun do chuimhnese,
Ná fiú le ceol na mbuabhall
Aire an tslua
Do dhíriú ar d'íobairtse.
Dreonn gach leacht dá chruacht
Is don cheol ní buan
Ach ar uair a sheinte amháin;
Ach an fhad a bheidh saorfhir buach
Is é a saoirse siúd do chuimhneachán.

4. “Sampla an-mhaith den aisling pholaitiúil is ea an dán, ‘Úirchill an Chreagáin,’ le hArt Mac Cumhaidh.”
Déan an ráiteas sin a phlé agus déan tagairt do thréithe na haislinge sa dán.
(40 marc)

ÚIRCHILL AN CHREAGÁIN

Ag Úirchill an Chreagáin a chadail mé aréir faoi bhrón
is le héirí na maidne tháinig ainnir fá mo dhéin le póig;
bhí gríos-ghrua ghartha aici 'gus lannir ina céibh mar ór
's gurb é íocshláinte an damhain bheith ag amharc ar an ríoghain óig.

'A fhialfhir charthanaigh, ná caitear thusa i ndéalramh bróin
ach éirigh 'do sheasamh 'gus aistrigh liom siar sa ród
go tír dheas na meala nach bhfuair Gallaibh ann cead réim go fóill
mar 'bhfaighir aoibhneas ar hallaibh do do mhealladh le siansa ceoil.'

'Cha diúltfainn do chuireadh ar a gcuinníonn siad na ríthe d'ór
ach gur cladhartha liom scarúint le mo charaid 'tá sa tír go fóill;
an céile úd a mheallas le mo gheallúint tráth bhí sí óg,
dá dtréigfinn anois í gur fiosach damh go mbeadh sí i mbrón.'

'Cha shlíim gur caraid duit a maireann de do ghaoltaibh beo-
tá tú faofa, gan earra, bocht earraoideach, baoth, gan dóigh;
nach mb'fhearr dhuitse imeacht le hainnir na maothchrobh meor
nó an tírse a bheith ag fanóid faoi gach rabhán dá ndéan tú 'cheol?'

'A ríoghain deas mhilis, an tú Helen far tréaghdadh sló
nó an de na naoi mná deasa thú ó Pharnassus bhí déanta i gcló?;
cá tír insa chruinne 'nar hoileadh thú, a réalt gan cheo,
lér mhian leat mo shamhailse a bheith ag cagarnaigh leat siar sa ród?'

'Ná fiafraigh dhíom ceastaibh óir cha gcahlaim ar an taobhsa 'Bhóinn;
is síogaí beag linbh mé a hoileadh le taobh Ghráinne Óig';
i mbruín cheart na n-ollamh bím go follas ag dúscadh an cheoil,
san oíche ag Teamhair 's ar maidin i gclár Thír Eoghain.'

"S é mo ghéarghoin tinnis gur theastaigh uainn Gaeil Thír Eoghain
agus oidhribh an Fheadha gan seaghais faoi léig 'ár gcóir,
géagaibh glandaite Néill Fhrasaigh nach dtréigfeadh an ceol
is chuirfeadh éide fá Nollaig ar na hollaimh bheadh ag géilleadh dóibh.'

'Ó tréaghdadh na treabhaibh bhí in Eachroim is fa-raoir! fan mBóinn,
sliocht Íre, na flathaibh bhéaradh foscadh do gach draoi dán ghleo,
nach mb'fhearr dhuitse sna liosaibh agus mise le do thaoibh gach neoin
ná saighde chlann Bhullaí a bheith ag tolladh fá do chroí go deo?'

'A ríoghain deas mhilis, más cinniúin damh tú féin mar stór,
tabhair léagsa is gealladh damh sul fá n-aistre mé leat siar sa ród,
má éagaim fán tSeanainn, i gcrích Mhanainn nó san Éiphte mhór
gurb i gcill chumhra an Chreagáin a leagfar mé i gcré faoi fhód.'